

DEARBHÚ UILE-CHOITEANN CEARTA AN DUINE

Brollach

De Bhrí gurb iad dínit dúchais agus cearta comhionanna doshannta gach ball den chine daonna a bheith aitheanta is bun leis an tsaoirse, an ceartas agus an tsíocháin ar an domhan,

De Bhrí gur gníomhartha barbartha atá mar thoradh ar neamhaird agus mhímheas ar chearta an duine atá tar éis uafás a chur ar choinsias an chine daonna, agus teacht an domhain mar a bhfuil saoirse ag daoine labhairt agus creideamh a bheith acu ó eagla agus ó cheal, tar éis a bheith forógartha mar an mianaidhm is airde de na daoine comóna.

De bhrí go bhfuil sé rí-thábhachtach forbairt an chaidrimh chairdiúil idir náisiúin a chur chun cinn,

De Bhrí go bhfuil pobail na Náisiúin Aontaithe sa Chairt tar éis a gcreideamh a dhearbhu i gcearta bunúsacha an duine, i ndínit agus i bhfiúntas pearsan an duine agus i gcearta comhionanna fear agus bean, agus go bhfuil siad tar éis cinneadh a dhéanamh dul chun cinn sóisialach agus caighdeán an tsaoil níos fearr a chur chun cinn i saoirse níos fairsinge,

De Bhrí go bhfuil na ballstáit tar éis a gheallúint go mbainfidh siad amach, i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe, cur chun cinn na hurraime uilechoitinne do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha agus go gcloífear amhlaidh

De Bhrí go bhfuil tuiscint chomóna ar na cearta agus ar na saoirsí sin rí-thábhachtach chun an gealltanais seo a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán ar fad,

Anois, ar an ábhar sin,

fógraíonn **An Tionól Ginearálta**

an Dearbhú Uile-choiteann seo ar Chearta an Duine

mar chaighdeán comóna gaiscíochta do gach pobal agus do gach náisiún chun críche go ndéanfaidh gach duine aonair agus gach aon organ den tsochaí, agus iad ag coinneáil **an Dearbhuithe seo** i gcuimhne síoraí seasta, gach iarracht trí theagasc agus trí oideachas, urraim do na cearta agus do na saoirsí seo a chur chun cinn agus trí bhearta forásacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun aitheantas agus feidhm éifeachtach uile-choiteann a shlánú, i measc pobal na mballstát féin agus i measc pobal na gcríocha atá faoina ndlínse siúd.

Airteagal 1.

Saoláitear gach duine den chine daonna saor agus comhionann i ndínit agus i gcearta. Tá bua an réasúin agus an choinsiasa acu agus ba cheart dóibh gníomhú i dtreo a chéile i spiorad an bhráithreachais.

Airteagal 2.

Tá gach uile dhuine i dteideal na gceart agus na saoirsí go léir atá leagtha amach sa Dearbhú seo, gan idirdhealú de chineál ar bith, ar nós cine, dath craicinn, gnéas, teanga, creideamh, tuairim pholaitiúil nó tuairim eile, bunadh náisiúnta nó sóisialta, maoin, breith nó stádas ar bith eile,

Thairis sin, ní déanfar aon idirdhealú ar fhoras stádas polaitiúla, dlínsiúla nó idirnáisiúnta atá ag an tír nó ag an gcríoch lena mbaineann duine, cibé acu atá an tír seo nó an chríoch seo neamhspleách, ina h-iontaobhas, nó neamh-fhéinrialaitheach nó faoi teorannú ar bith eile ar a bhflaitheas.

Airteagal 3.

Tá ag gach neach an ceart chun na beatha, chun saoirse agus chun slándála dá phearsan.

Airteagal 4.

Ní choimeádfar duine ar bith i sclábhaíocht nó faoi dhaoirse ; toirmeascfar an sclábhaíocht agus an trádáil sclábhaithe ina gcuid foirmeacha ar fad.

Airteagal 5.

Ní chuirfear céasadh ná íde nó pionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach ar duine ar bith.

Airteagal 6.

Tá ag gach aon dhuine an ceart ar aithint i ngach aon áit mar phearsa os comhair an dlí.

Airteagal 7.

Is comhionann gach duine os comhair an dlí agus tá siad i dteideal choimirce chomhionann an dlí gan idirdhealú ar bith. Tá cách i dteideal coimirce comhionann i gcoinne idirdhealú ar bith a sháraíonn an Dearbhú seo agus atá i gcoinne gríosaithe ar bith chun idirdhealú dá leithéid.

Airteagal 8.

Tá ag gach uile dhuine an ceart chun dul i muinín leigheas éifeachtach a fháil ó na binsí náisiúnta inniúla i gcoinne gníomhartha a sháraíonn na cearta

bunúsacha a bhronn an bunreacht nó an dlí dó.

Airteagal 9.

Ní dhéanfar aon duine a ghabháil nó a choinneáil nó a chur ar deoraíocht go treallach.

Airteagal 10.

Tá gach aon duine i dteideal comhionannais ina iomláine ar éisteacht chothrom phoiblí ó bhinse neamhspleách neamhchlaon ó thaobh a chuid cearta agus a chuid oibleagáidí agus cúiseamh coiriúil ar bith atá ina choinne a chinneadh.

Airteagal 11.

1. Tá an ceart ag gach uile dhuine a chúiseofar i gcion piónóis go measfar é a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthaítear ciontach é de réir dlí i dtríail phoiblí mar a mbeadh aige na ráthaíochtaí ar fad is gá dá chosaint.
2. Ní dhaorfar duine ar bith a bheith ciontach i gcion piónóis de dheasca aon ghníomh nó neamhghníomh nach raibh ina chion piónóis, tráth a dhéanta. Ná ní ghearrfar piónós níos troime air ná an ceann úd a bhí infheidhmithe an tráth a rinneadh an cion piónós.

Airteagal 12.

Ní déanfar cur isteach go treallach ar duine ar bith maidir lena shaol príobháideach, a theaghlach, a ionad cónaithe ná a chomhfreagras ná ní déanfar ionsaí air i leith a onóra ná a cháile. Tá an ceart ag gach uile duine ar choimirce an dlí i gcoinne cur isteach nó ionsaithe dá leithéid.

Airteagal 13.

1. Tá ag gach uile dhuine an ceart ar ghluaiseacht agus ar cónaí taobh istigh de theorainn gach Stát.
2. Tá an ceart ag gach uile dhuine imeacht as aon tír, lena n-áirítear a thír féin, agus filleadh ar a thír.

Airteagal 14.

1. Tá an ceart ag gach aon duine tearmann ó ghéarleanúint a lorg agus a bheith aige i dtíortha eile.
2. Ní fhéadfar an ceart seo a agairt i gcás inchúisimh atá ag eascairt as coireanna neampholaiticiúla nó as gníomhartha le fírinne atá contrártha do chuspóirí agus do phrionsabail na Náisiún Aontaithe

Airteagal 15.

1. Tá ag gach uile dhuine an ceart ar náisiúntacht.
2. Ní déanfar a náisiúntacht a bhaint go treallach ó dhuine ar bith, ná ní shéanfar an ceart a náisiúntacht a athrú.

Airteagal 16.

1. Tá an ceart ag fir agus mná lánaoise, gan srian ar bith de bharr aoise, náisiúnachta nó creidimh pósadh agus teaghlach a bhunú. Tá siad i dteideal cearta comhionanna maidir le pósadh, i rith pósta agus tráth a scaoilte.
2. Ní rachfar isteach i bpósadh ach le saorthoil agus le lánthoil na gcéilí atá le pósadh.
3. Is é an teaghlach is buíon-aonad nádúrtha bunúsach na sochaí agus tá sé i dteideal choimirce ón tsochaí agus ón Stát.

Airteagal 17.

1. Tá ag gach uile dhuine an ceart chun úinéireacht a bheith acu ar mhaoin ina aonar maraon le i gcomhar le daoine eile.
2. Ní féidir a chuid maoine a bhaint go treallach ó dhuine ar bith.

Airteagal 18.

Tá ag gach uile dhuine an ceart ar shaoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus creidimh; áirítear sa cheart seo an tsaoirse chun a reiligiún nó a chreideamh nó a athrú agus an tsaoirse, ceachtar ina aonar nó i gcuideachta le daoine eile agus go poiblí nó go príobháideach chun a reiligiúin nó a chreideamh a thaispeáint trí mhúineadh, cleachtas, adhradh agus deas-ghnáth.

Airteagal 19.

Tá ag gach uile dhuine an ceart ar saoirse tuairime agus nochtadh; áirítear sa cheart seo saoirse chun tuairimí a bheith aige gan aon bhac air agus chun eolas agus smaointe a lorg, a ghlacadh agus a scaipeadh trí mheáin ar bith, beag beann ar theorainneacha.

Airteagal 20.

1. Tá ag gach aon duine an ceart saoirse a bheith aige teacht ar tionól agus gabháil le comhlachas go síocháinta.

2. Ní fhéadfar iachall a chur ar dhuine ar bith a bheith páirteach le cumann.

Airteagal 21

1. Tá ag gach aon duine an ceart chun páirt a ghlacadh i rialtas a thíre, go díreach nó trí ionadaithe a toghtar go saorálach.
2. Tá an ceart ag gach aon duine rochtain chomhionann a bheith aige ar an tseirbhís phoiblí in tír féin.
3. Is é toil an phobail a bheidh ina bhonn ar údarás chumhachtaí an rialtais; léireofar an toil sin de thoradh toghcháin ionraice; rud a thionólfar go tráthrialta trí vótáil chomhchoiteann chomhionann agus trí vótáil rúnda nó trí nósanna imeachta dá shamhail sin a rathaíonn saoirse vótála.

Airteagal 22.

Tá ag gach aon duine, mar bhall den tsochaí, an ceart chun slándála sóisialaí; tá sé i dteideal, trí iarracht náisiúnta agus trí chomhar idirnáisiúnta agus de réir eagrú agus acmhainní de chuid gach Stáit, sásamh a bhaint as na cearta i gcúrsaí eacnamíochta agus sóisialta agus cultúrtha atá éigeantach dá dhínit agus do shaor-fhorbairt a chuid phearsantachta.

Airteagal 23.

1. Tá ag gach aon duine an ceart ar obair, ar shaor-rogha maidir le fostaíocht, ar choinníollacha oibre atá cóir agus fábhhartha agus ar chosaint i gcoinne na dífhostaíochta.
2. Tá ag gach aon duine, gan idirdhealú ar bith, an ceart ar an bpá comhionann le haghaidh na hoibre comhionann.
3. Pé duine a dhéanann obair, tá an ceart aige ar luach saothair cóir sásúil a chinntaíonn go mbeidh aige féin, agus ag a theaghlach, cóir mhaireachtana atá oiriúnach do dhínit an duine, agus ina theannta sin, más gá é, trí mhodhanna eile coimirce sóisialta a bheith aige.
4. Tá ag gach aon dhuine an ceart ceardchumann a bhunú agus gabháil le ceardchumainn chun a chuid leasa a chosaint.

Airteagal 24.

Tá ag gach uile dhuine an ceart ar scíth agus fóillíocht, lena n-áirítear teora réasúnach le huaireanta oibre máille le laethanta saoire tréimhsiúla le pá.

Airteagal 25.

1. Tá ag gach aon duine an ceart ar chaighdeáin mhaireachtála is leor do

shláinte agus do leas an duine féin is sláinte a theaghligh, lena n-áirítear bia, éadach, tithíocht, cúram liachta, agus na seirbhísí sóisialacha is gá; tá an ceart aige ar slándáil i gcás dífhostaíochta, breoiteachta, éagumais, baintreachais, seanaoise nó aon easpa eile slí mhaireachtála in imthosca atá taobh thall dá rialú.

2. Tá an mháthaireacht agus an leanbheacht i dteideal cúram agus cúnaimh speisialta. Gach aon leanbh, pé acu faoi chuing an phósta nó lasmuigh dí a rugadh é, bhéarfar an choimirce shóisiala chéanna do.

Airteagal 26.

1. Tá ag gach uile dhuine an ceart ar oideachas. Beidh an t-oideachas in aisce, sna céimeanna tosaigh agus bunaidh ar a laghad. Beidh an bunoidreachas éigeantach. Cuirfear an t-oideachas teicniúil agus gairmiúil ar fáil go ginearálta; beidh comhrochtain do chách ar an ard-oideachas ar bhonn tuilleamais.
2. Beidh an t-oideachas dírithe ar lán-fhorbairt phearsantacht an duine agus ar urraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a neartú. Cuirfidh sé an chomhthuiscint, an caoinfhulaing agus an cairdeas idir na náisiúin go léir agus na grúpaí cine agus creidimh ar fad chun cinn, agus cuirfidh sé ar aghaidh gníomhartha na Náisiún Aontuithe ar mhaithe le caomhnú na síochána.
3. Tá réamhcheart ag tuismitheoirí rogha a dhéanamh maidir leis an gcineál oideachais a thabharfar dá gclann.

Airteagal 27.

1. Tá ag gach aon dhuine an ceart páirt a ghlacadh gan chosc i saol cultúrtha an phobail, tairbhe a bhaint as na healaíona agus páirt a ghlacadh i gcur chun cinn na h-eolaíochta agus a sochair.
2. Tá ag gach aon duine an ceart go gcosnófaí na leasa morálta agus ábhartha a leanas ó saothar eolaíochta, litríochta nó ealaíne ar bith arb é is údar dó.

Airteagal 28.

Tá gach aon duine i dteideal ord sóisialta agus idirnáisiúnta inar féidir na cearta agus na saoirsí atá nochtaithe sa Dearbhú seo a fhíorú go huile agus go hiomlán ar fad.

Airteagal 29.

1. Tá dualgais ar gach neach i dtreo an phobail mar is féidir leis féin a phearsantacht a fhobairt go saor agus go hiomlán.
2. Ag feidhmiú a chearta agus a shaoirsí dhó, ní bheidh de shrianta ar dhuine ar bith ach pé srianta a bhéas ceaptha de réir dlí chun críche

aitheantas agus urraim cuí a dhaingniú do chearta agus saoirsí daoine eile agus chun ceanglais moráltachta, an oird phoiblí agus leasa choitianta a chomhlíonadh i sochaí dhaonlathach.

3. Ní ceadmhach i gcás ar bith na cearta ná na saoirsí seo a fheidhmiú contrártha do chuspóirí agus do phrionsabail na Náisiún Aontaithe.

Airteagal 30.

Ní ceadmhach aon ní sa Dearbhú seo a fhorléiriú mar ní a bheir do Stát, do ghrúpa nó do dhuine ar bith ceart ar bith páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ar bith ná gníomh ar bith a dhéanamh atá dírithe ar aon cheann de na chearta nó de na saoirsí dá luaitear anseo a dhíothú. □

Draft translation to the Irish language of the Universal Declaration of Human Rights

By Mr. Joseph Richard Enright

Seosamh Rísteard Mac Ionnrachtaigh, uasal, BA (HRM), Diplóma Iarchéime (Pleanáil Teanga)

11 Croí na mBaile. Cill Mhíchíl, Cill Rois, Contae an Chláir, V15 WD63, Éire

Mobile phone 087 1379018

E-mail: joseph.r.enright@gmail.com

(as of 20 May 2018)